

Lainseálann EUSPA glao ó Fhís Eorpach chun an geilleagar digiteach a athrú ó bhonn, athléimneacht an Aontais a mhéadú agus tacú leis an gComhaontú Glas

EUSPA/PR/21/04 Prág, 4/11/2021

Táthar ag glacadh le haighneachtaí anois don chéad ghlaó ó Fhís Eorpach atá faoi bhainistiú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA). Agus buiséad foriomlán EUR 32.6 milliún ar fáil aige, tá sé mar aidhm ag an nglao feidhmchláir iarteachtacha nuálacha a fhorbairt a bhaineann leas as sonraí ó Chlár Spáis an AE, mar atá Galileo, EGNOS agus Copernicus. Is é an 16 Feabhra 2022 an spriocdháta le haghaidh iarratas.

Is é atá i bhFís Eorpach príomhshásra maoinithe an AE a éascaíonn comhoibriú agus a neartaíonn tionchar an taighde agus na nuálaíochta i bhforbairt bheartais an AE, i dtacú leo agus ina gcur i bhfeidhm, agus a théann i ngleic le dúshlán dhomhanda ag an am céanna. Ag fanacht dílis dá mhisean dó, *spás a nascadh le riachtanais úsáideoirí*, bainfidh EUSPA leas as an ionstraim seo chun taighde oibríochtúil Chlár Spáis an AE a spreagadh agus cruthú réitigh bhreisluacha thráchtála a chothú a chuireann le beartais agus le tosaíochtaí an Aontais. Tá an glao dírithe ar na trí réimse seo a leanas:

Iarratais EGNSS agus Copernicus a chothaíonn Comhaontú Glas an AE, buiséad iomlán: EUR 14 mhilliún

Chuir an tAontas Eorpach an cuspóir roimhe bheith ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoin mbliain 2050, ach geallann EU Space dúshlán a fhuascailt agus cuidiú leis an Aontas géarú ar na maidí sa troid i gcoinne an athraithe aeráide. Idir chuidiú le srian a chur le hastaíochtaí CO₂, chur in éadan lománaíocht neamhdhleathach agus dhoirtí ola a rianú, is acmhainn chinntitheach de chuid an Aontais Eorpaigh iad Galileo, EGNOS agus Copernicus chun a Chomhaontú Glas uailmhianach a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh tograí a chuirfear isteach faoin ábhar seo dírithe ar fheidhmchláir nuálacha a fhorbairt a thacaíonn le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus a úsáideann sonraí agus seirbhísí ó Galileo, EGNOS agus Copernicus.

Iarratais EGNSS maidir le bainistíocht sábháilteachta agus géarchéime, buiséad iomlán: EUR 9.3 milliún

Tá sineirgí idir Faire na Cruinne agus loingseoireacht i gcoílár na hullmhachta, na freagartha, an téarnaimh agus an mhaolaithe i gcás tubaistí nádúrtha. I gcás tubaisteach falscaí, tuile nó creatha talún, tá rochtain ar fhaisnéis bheacht faoin suíomh agus ar fhaisnéis gheospásúil chothrom le dáta rithábhachtach chun freagairt éifeachtach a thabhairt chun an tubaiste a bhainistiú. Sa réimse seo is é atá i gceist réitigh nuálacha a fhorbairt atá bunaithe ar Galileo agus EGNOS agus a mhéadóidh athléimneacht an Aontais agus a chabhróidh le chosaint níos fearr a thabhairt dá chuid saoránach. Ba cheart go ndéanadh tograí a chuirfear isteach faoin ábhar seo na táirgí a sholáthraíonn Seirbhísí Bainistithe Práinne agus Slándála Copernicus a chomhlánú agus feasacht a mhúscailt faoi na buntáistí a bhaineann le húsáid EGNSS agus Copernicus le haghaidh bainistíocht riosca tubaistí éigeandála, agus EGNSS le haghaidh uainiú agus sioncronú maidir le bonneagair thábhachtacha.

Iarratais EGNSS maidir leis an aois dhigiteach, buiséad iomlán: EUR 9.3 milliún

Sa réimse seo tá sé mar aidhm dlús a chur le glacadh Galileo agus EGNOS i mórmhargáí agus i margáí gairmiúla agus feidhmchláir a leathadh amach ag a bhfuil gnéithe nuálacha amhail frithsheasmhacht ilbhealaí níos fearr, fíordheimhniú agus eile. Ba cheart d'iarratais a thugann faoin ábhar seo tairbhí don phobal a uasmhéadú trí thacú le feidhmchláir a fhorbairt a rachaidh i ngleic le dúshlán phráinneacha

shochaíocha i réimsí mar shláinte, sábháilteacht agus slándáil an tsaoránaigh, soghluaisteacht agus an geilleagar comhroinnte.

Spreagtar go mór comhpháirteanna eile spáis, amhail Copernicus, a úsáid i ngach ábhar. Ina theannta sin, féadfaidh na réitigh teicneolaíochtaí eile a chomhtháthú nach mbaineann leis an spás, amhail Idirlíon na Rudaí Nithiúla, olltiomsú sonraí, intleacht shaorga, ladraínn, 5G, réaltacht bhreisthe/mheasctha, etc.

Tá faisnéis anailíseach faoi na glaonna le fáil ar ár suíomh gréasáin. Moltar d'iarratasóirí ionchasacha páirt a ghlacadh [inár gcéad Laethanta Nuálaíochta Iartheachtaí Spáis EUSPA](#) an 8-9 Samhain 2021 chun níos mó eolais a fháil faoin nglao.

Maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seirbhísí Eorpacha loingseoireachta satailíte atá sábháilte agus slán; cuireann sí tráchtálú shonraí agus sheirbhísí Galileo, EGNOS agus Copernicus chun cinn; agus comhordaíonn sí GOVSATCOM, an clár cumarsáide satailíte rialtais atá le teacht ó AE. Tá EUSPA freagrach as creidiúnú slándála a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile de Chlár Spáis AE. Trí chabhrú le hearnáil spáis atá nuálach agus iomaíoch a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil le pobal iomlán Spáis AE, rannchuidíonn EUSPA leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú, agus neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais á threisiú aige an tráth céanna.

Tuilleadh faisnéise:

Marie Ménard

Oifigeach Cumarsáide EUSPA Marie.Menard@euspa.europa.eu

Teil.: +420 237 766 627

Fón póca: +420 602 619 776